Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2023–2024

# Eolaíocht Teastais Shingil: Bitheolaíocht

Aonad 1

Ardsraith

**[GSA12]**

*GSA12*

**DÉ hAOINE 17 BEALTAINE 2024, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **3(a)**.

**1** **(a)** Taispeánann an grianghraf thíos pumpa insline in úsáid ag duine a bhfuil diaibéiteas uirthi. Is gléas beag leictreonach é pumpa insline a scaoileann dáileoga beaga insline gan stad gan staonadh isteach sa chorp.



**(i)** Cad é an fheidhm atá le hinslin sa chorp?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **aon** bhuntáiste **amháin** a bhaineann le húsáid an phumpa insline, in áit instealltaí, do dhuine a bhfuil diaibéiteas air.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

Tá tuairim is **8000** duine i dTuaisceart Éireann a bhfuil Diaibéiteas Chineál 1 orthu agus úsáideann **1500** de na daoine sin pumpaí insline.

**(iii)** Ríomh céatadán na ndaoine a bhfuil Diaibéiteas Chineál 1 orthu agus a úsáideann pumpaí insline i dTuaisceart Éireann.

(Taispeáin do chuid oibre.)

_______________ % [2]

**(b)** Is hormón í inslin. Luaigh **dhá** thréith de hormón.

1. ________________________________________

2. ________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**2** Is dóigh amháin é stoic iasc a chosaint a dtig le daoine tionchar dearfach a imirt ar an bhithéagsúlacht.

**(a)** Cad é a chiallaíonn an téarma **bithéagsúlacht**?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Is é an toradh a bhíonn ar ró-iascaireacht go mbaintear an oiread sin iasc as ceantar go mbíonn roinnt speiceas iasc i mbaol dul in éag.

**(i)** Luaigh **aon** chúis **amháin** go raibh ró-iascaireacht ina toradh ar mhodhanna nua-aimseartha iascaireachta.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **dhá** bheart is féidir a dhéanamh le ró-iascaireacht a chosc agus stoic iasc a chosaint.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**3** Taispeánann na grianghraif thíos roinnt trealaimh atá de dhíth le dlús plandaithe a imscrúdú.

potaí planda | síolta | canna spréite | múirín










**(a)** Déan cur síos ar an dóigh a ndéanfá imscrúdú ar an éifeacht a bheadh ag athrú líon na síolta i bpota ar fhás plandaí.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:
- dhá rud a dhéanfadh triail chothrom (bhailí) den imscrúdú;
- na toisí a bheadh le tógáil agat; agus
- cur síos agus míniú ar na torthaí a mbeifeá ag dúil leo.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [6]

**(b)** Tarlaíonn fótaisintéis i bplandaí.

**(i)** Comhlánaigh an chothromóid focal thíos d'fhótaisintéis.

dé-ocsaíd charbóin + [ ] → [ ] + ocsaigin

[2]

**(ii)** Ainmnigh an struchtúr i gcealla planda ina dtarlaíonn fótaisintéis.

______________________________________________________________________ [1]

**(iii)** Comhlánaigh an abairt thíos faoi fhótaisintéis.

Tógann fótaisintéis isteach, agus baineann sí úsáid as, fuinneamh;

ciallaíonn sé seo gur féidir cur síos a dhéanamh air mar imoibriú

______________________________ . [1]

**4** Tugtar tarbhfhrídí ar bhaictéir atá frithsheasmhach in aghaidh roinnt antaibheathach.

Tugann na ráitis thíos na céimeanna a bhaineann le forbairt tarbhfhríde, ach **níl** siad san ord cheart.

**A** nuair a thógtar antaibheathaigh, maireann na baictéir fhrithsheasmhacha

**B** tá baictéir fhrithsheasmhacha agus neamh-fhrithsheasmhacha sa chorp

**C** tá an chéad ghlúin eile de bhaictéir uilig frithsheasmhach in aghaidh an antaibheathaigh

**D** atáirgeann na baictéir fhrithsheasmhacha

**(a)** Bain úsáid as na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis na ráitis sin a chur san ord cheart.

________ ________ ________ ________ [2]

**(b)** Is tarbhfhríd é MRSA. Tá leithlisiú ar cheann de na bearta is féidir a úsáid le smacht a choinneáil ar leathadh MRSA agus othair ag teacht isteach in ospidéal.

**(i)** Luaigh **aon** fháth **amháin** nach mbaintear úsáid as an bheart seo go forleathan in ospidéil.

________________________________________

________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **aon** bheart **amháin** eile a úsáidtear le smacht a choinneáil ar leathadh MRSA in ospidéil.

________________________________________

________________________________________ [1]

**5** Tá cealla speisialta, a líneálann fuileadáin an chroí, damáistithe in othar a bhfuil galar croí air. Thig leis an damáiste sin sreabhadh fola chuig an chroí a laghdú.

Is féidir gaschealla a úsáid le cealla damáistithe a athsholáthar agus sreabhadh fola sna fuileadáin a mhéadú.

Tá eolaithe i ndiaidh teicneolaíocht nua a fhorbairt atá in ann líon níos mó gascheall a tháirgeadh i dtréimhse níos lú ama i gcomparáid le modhanna eile roimhe seo.

**(a)** Cad is **gaschill** ann?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Úsáid an fhaisnéis thuas agus do chuid eolais féin leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(b)** **(i)** Luaigh **aon** bhuntáiste **amháin**, d'eolaithe, a bhaineann le gaschealla a tháirgeadh leis an teicneolaíocht nua sin.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh an dóigh a dtiocfadh le húsáid gascheall riospráid a mhéadú i gcealla matáin croí.

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________ [2]

Tá nasc déanta idir diaibéiteas agus riosca méadaithe de ghalar croí.


**(c)** Luaigh **aon** toisc stíle maireachtála **amháin** atá nasctha le riosca méadaithe de ghalar croí.

______________________________________________ [1]


Taispeánann na léaráidí thíos leibhéil an eagrúcháin in orgánaigh ilcheallacha, ach **níl** siad san ord cheart.




**W**



**X**



**Y**



**Z**

**(d)** Cuir na litreacha **W**, **X**, **Y** agus **Z** san ord cheart le leibhéil an eagrúcháin a thaispeáint. Tosaigh leis an leibhéal is lú eagrúchán.

__________ __________ __________ __________ [2]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**6** **(a)** Rinne beirt daltaí imscrúdú ar éifeacht na haclaíochta ar a ráta croí. Is i mbuillí sa nóiméad (bsn) a thomhaistear ráta croí.
Thaifead siad a ráta croí agus iad ag ligean a scíthe agus, ansin, gach aon nóiméad ar feadh cúig nóiméad le linn aclaíochta.

Taispeánann an tábla thíos a gcuid torthaí.

| **Am /nóim** | **Ráta croí/bsn** | |
|---|---|---|
| | **Dalta 1** | **Dalta 2** |
| 0 | 70 | 75 |
| 1 | 80 | 100 |
| 2 | 89 | 110 |
| 3 | 95 | 120 |
| 4 | 100 | 125 |
| 5 | 100 | 135 |

**(i)** Déan cur síos ar **dhá** dhifríocht idir éifeacht na haclaíochta ar ráta croí **Dhalta 1** agus **Dhalta 2**.

1. ______________________________


______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

Tá na torthaí ag **Dalta 1** le feiceáil sa ghraf thíos.

**(ii)** Ar an eangach chéanna, breac agus tarraing líneghraf a thaispeánann na torthaí ag **Dalta 2**.




[3]

I ndiaidh cúig nóiméad aclaíochta, bhí ráta croí 135 bsn ag **Dalta 2**. Agus í ag ligean a scíthe, mhoilligh a ráta croí ar ráta 5 bsn.

**(iii)** Ríomh cé chomh fada agus a thógfaidh sé ar a ráta croí filleadh ar scíthráta (75 bsn).

(Taispeáin do chuid oibre.)

__________________ nóim [2]

**(b)** Luaigh **dhá** bhealach a ndéanann aclaíocht rialta tairbhe don chroí.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**LEATHANACH BÁN**


**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**7** **(a)** Is riocht neamhchoitianta ó oidhreacht é Tay-Sachs. Ailléil chúlaitheach is cúis leis.

Taispeánann an léaráid ghinealaigh thíos an dóigh a dtéann an riocht seo trí chlann.





**(i)** Cá mhéad páiste atá ag Lucy agus Jim?

______________________ [1]

Fuair Adrian amach trí scagthástáil ghéiniteach go raibh a ghéinitíopa ceannasach homaisigeach don riocht sin.

Tá an ailléil do riocht Tay-Sachs (**t**) cúlaitheach leis an ailléil normalach (**T**).

**(ii)** Comhlánaigh an chearnóg Punnett thíos le géinitíopaí féideartha pháistí Adrian agus Poppy a léiriú.




[2]

**(iii)** Cad é an céatadán dóchúlachta go mbeidh páiste ag Adrian agus Poppy **nach** mbeidh Tay-Sachs air/uirthi?

_______________ % [1]

**(b)** Cad é a chiallaíonn an téarma **feinitíopa**?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**8** Rinne dalta imscrúdú ar agaí freagartha na bhfireannach agus na mbaineannach agus iad ag baint úsáid as a lámha ceannasacha agus a lámha neamhcheannasacha.

Taispeántar na torthaí sa tábla thíos.

| Inscne | Agaí freagartha/ms | |
|---|---|---|
| | **Lámh cheannasach** | **Lámh neamhcheannasach** |
| Fireannach | 250 | 250 |
| Baineannach | 225 | 292 |

**(a)** Cad é an cineál éagsúlachta atá á thaispeáint le ceannas láimhe?

______________________________ [1]

**(b)** Luaigh **dhá** thátal atá le baint as na torthaí seo.


1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(c)** Is é is stua athfhillteach ann néarchonair a bhaineann le frithluail. Taispeánann an léaráid thíos stua athfhillteach.




**(i)** Comhlánaigh an léaráid thuas ach ainmneacha an **dá** néarón a scríobh sna boscaí. [2]

**(ii)** Cad é an téarma a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar an mhatán i stua athfhillteach?

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an chuid de lárchóras na néaróg atá lipéadaithe **A** sa léaráid.


_______________________________________________ [1]

**(iv)** Cad é an t-ainm a thugtar ar an bhearna idir an dá néarón?


_______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**9** Taispeánann an léaráid thíos timthriall míosta.




Taispeánann an graf thíos athrú teochta an choirp le linn an timthrialla mhíosta.



Bain úsáid as an fhaisnéis sin agus as do chuid eolais féin leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(a)** Luaigh réimse na dteochtaí coirp le linn ubhsceite.

_______________ go _______________ °C [1]

**(b)** Is é an hormón próigeistéarón is cúis leis an bhuaic i dteocht an choirp i ndiaidh ubhsceite.

**(i)** Ríomh an difríocht idir an teocht coirp is ísle agus is airde le linn an timthrialla mhíosta sin.

_______________ °C [1]

**(ii)** Luaigh **aon** fheidhm **amháin** eile atá le próigeistéarón sa timthriall mhíosta.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(c)** Déan cur síos ar na hathruithe a tharlódh i **línéáil an útarais** ó:

lá 1 go lá 5. _______________________________________________

_______________________________________________

lá 6 go lá 12. _______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(d)** Ainmnigh **aon** sórt **amháin** frithghiniúnaigh a athraíonn leibhéil hormóin mná.

_______________________________________________ [1]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

14360.02

*Foinsí:*
*Ceist 1(a) . . . . . . . © Garo / Phanie / Science Photo Library*
*Ceist 3(a) . . . . . . . © Getty Images × 4*
*Ceist 5(d) . . . . . . . © Getty Images × 2 Príomhscrúdaitheoir × 2*
*Ceist 8(c) . . . . . . Príomhscrúdaitheoir*
*Ceist 9 . . . . . . . . . Príomhscrúdaitheoir*

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.